

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14386/26
ADD 1

SOC 656
ANTIDISCRIM 93

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas – <i>Formheas</i> – <i>Ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Slóivéine</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráitis ó thoscaireachtaí na hUngáire agus na Slóivéine maidir leis na conclúidí thuasluaite.

RÁITEAS NÁISIÚNTA ÓN UNGÁIR

maidir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíononn an Ungáir comhionannas inscne mar chomhionannas seansanna agus deiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. Laistigh den mhéid sin agus i gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíononn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas*.

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóivéine maidir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir leis
an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas**

Is é an tuiscint atá ag an tSlóivéin ar an téarma ‘comhionannas inscne’ sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas ‘comhionannas idir mná agus fir’ dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, léirmhíneoidh an tSlóivéin tagairtí don chomhionannas inscne sa chiall sin.
